SPÓRT ÉIREANN FAOIN SPÉIR | SPORT IRELAND OUTDOORS

# Critéir Conairí Siúil d'Éirinn



Deireadh Fómhair 2021

An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt
Department of Transport, Tourism and Sport

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and Community Development

COILLTE
GROW · TRANSFORM · SUSTAIN

Fāilte Ireland
National Tourism Development Authority

IFA
Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann
The Irish Farmers' Association

ICMSA
Irish Creamery Milk Suppliers Association
THE FAMILY FARM ORGANISATION


An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

Mountaineering Ireland

Waterways Ireland
Uiscebhealaí Éireann
Watterweys Airlann

# Clár na nÁbhar


| | | |
|---|---|---|
| **Réamhrá** | | **4** |
| **1.0** | **Comhaontú le hÚinéirí Talún** | **7** |
| 1.1 | Cead ón Úinéir Talún | 7 |
| 1.2 | Dul Isteach gan Bhac | 7 |
| 1.3 | Dúnadh Sealadach | 7 |
| **2.0** | **An tréimhse ar an gConair** | **8** |
| 2.1 | Eolas faoin gConair | 8 |
| 2.2 | Clár Eolais na Conaire | 9 |
| 2.3 | Comharthaíocht Léirmhínitheach agus Comharthaí Eolais | 10 |
| 2.4 | Comharthaíocht chun na Conaire | 10 |
| 2.5 | Bia, Lóistín agus Seirbhísí eile | 11 |
| **3.0** | **Bonneagar Conaire** | **12** |
| 3.1 | Bealach na Conaire | 12 |
| 3.2 | Comharthaí bealaigh | 15 |
| 3.3 | Comharthaíocht | 16 |
| 3.4 | Troscán agus Struchtúir ar an gConair | 17 |
| 3.5 | Dromchla Conaire | 18 |
| 3.6 | Fásra 19 | |
| **4.0** | **Bainistiú Conaire** | **20** |
| 4.1 | Eagraíocht Bainistithe Conaire | 20 |
| 4.2 | Plean Bainistithe Conaire | 21 |
| 4.3 | Taifid | 22 |
| **5.0** | **Sábháilteacht** | **23** |
| 5.1 | Deacrachtaí Sábháilteachta Féideartha - atá mar chuid den Bhealach | 23 |
| 5.2 | Deacrachtaí Sealadacha Sábháilteachta Féideartha ar an mBealach | 23 |
| 5.3 | Deacrachtaí Sábháilteachta Féideartha – Bonneagar | 23 |
| 5.4 | Iniúchtaí Rialta | 24 |
| 5.5 | Taifid | 24 |
| **6.0** | **An Comhshaol** | **26** |
| 6.1 | Tionchar Láithreán Ainmnithe | 26 |
| 6.2 | Bruscar/Dramhaíl | 26 |
| 6.3 | Snámhaíocht Conairí | 26 |
| 6.4 | Tuiscint an Phobail | 26 |
| Aguisín A | Beostoc - Eolas dóibh siúd a úsáideann Conairí | 28 |
| Aguisín B | Comhairle Beostoic: Grafaic Eolais | 29 |
| Aguisín C | Ábhar tagartha | 30 |
| Aguisín D | Deacrachtaí Sábháilteachta Féideartha a thagann aníos | 31 |



# Réamhrá

Tá sé ina chuspóir ag Spórt Éireann rannpháirteachas daoine fásta agus páistí sa spórt agus gníomhaíocht coirp a spreagadh agus a chothú. Slí leis sin a dhéanamh ná conairí áineasa ardchaighdeáin a sholáthar. Dá bhrí sin, tugann Spórt Éireann tacaíocht d'fhonn conairí áineasa a fhorbairt agus a chur chun cinn in Éirinn tríd an aonad Spórt Éireann: Faoin Spéir.

Tá neart cuairteoirí ann a thagann chun na hÉireann agus dúil acu sa siúl agus inár gconairí. Sa chomhthéacs seo, tá sé tábhachtach go mbainfear amach na critéir is airde dá bhfuil ann i gcás na gconairí atá againne agus go dtabharfar eispéireas pléisiúrtha do phobal na tíre seo agus do chuairteoirí ar na conairí.

Rinneadh an doiciméad *Caighdeáin Bhainistíochta i gcomhair Conairí Áineasa* a fhorbairt i gcomhairle le páirtithe leasmhara conairí agus foilsíodh in 2008 é. Bhí an doiciméad sin ina phointe cóimheasa le conairí a fhorbairt in Éirinn ón am sin ar aghaidh agus d'úsáidtí é mar na critéir i gcóras clárúcháin na gconairí le conairí a chur le *Clár Náisiúnta na gConairí* agus an scéim árachais conairí náisiúnta, iad á mbainistiú ag Spórt Éireann. Leagan chun dáta den doiciméad tosaigh atá sa doiciméad seo.

Tá Spórt Éireann i ndiaidh an leagan chun dáta seo de na critéir a fhorbairt i gcomhairle le páirtithe leasmhara i bpobal na gconairí. **Critéir Conairí Siúil d'Éirinn** atá air anois.

Tá sé i gceist go mbeifear in ann na critéir sa doiciméad seo a úsáid do na conairí siúil ar fad a fhorbrófar in Éirinn.

Ba cheart go mbeadh teacht ag an oiread daoine agus is féidir ar chonairí, daoine atá faoi mhíchumas ina measc. Agus conair á pleanáil agus á forbairt, ba cheart breathnú ar an doiciméad The Great Outdoors – A Guide to Accessibility. Tá an doiciméad dírithe ar na prionsabail a bhaineann leis an dearadh uilíoch le haghaidh cineálacha éagsúla áiseanna taobh amuigh, conairí ina measc.

**Cad is cúis leis na critéir do chonairí?**

Tá buntáistí ag baint le critéir a bhfuil glacadh náisiúnta leo a chur ar fáil do chonairí.

- tugtar cuntas ina leithéid ar an dea-chleachtas le conairí a fhorbairt agus a bhainistiú
- tugtar treoir agus pointe cóimheasa d'fhorbróirí conairí sna critéir.
- déantar an leanúnachas i gcaighdeán conairí ar fud na tíre a chur chun cinn
- tugtar bonn faoi chóras clárúcháin conairí agus liosta conairí i gClár Náisiúnta na gConairí.

**Clár Náisiúnta na gConairí**

Tá Clár Náisiúnta Conairí á choinneáil chun dáta ag Spórt Éireann ina dtugtar conairí a dhéanann critéir faoi leith a shásamh. Má iarrtar é, déanfaidh Spórt Éireann Iniúchadh Clárúcháin Conaire le conair a mheas i gcomparáid leis na critéir. Tá córas ann agus tugtar scór do chonairí i gcomparáid leis na critéir. Má bhaineann an chonair scór íosta amach, déanfar í a chlárú agus beidh sí mar chuid den liosta i gClár Náisiúnta na gConairí agus ar shuíomh gréasáin Spórt Éireann. Agus an chonair curtha leis an gclár, déanfar measúnú orthu arís go tráthrialta i gcomparáid leis na critéir lena dheimhniú go mbeidh na critéir fós á gcomhlíonadh acu. Tá achoimre ar an bpróiseas agus córas scórála a bhaineann le conair a chlárú i ndoiciméad eile – Próiseas chun Conair a Chlárú.

**Cad chuige ar chóir conairí a chlárú?**

Is éard atá i gClár Náisiúnta na gConairí liosta de na conairí a dhéanann na critéir sa doiciméad seo a chomhlíonadh. Clárú conaire:

- Tugann a leithéid muinín d'fhorbróirí conairí go ndéanann an chonair atá acu na critéir a shásamh
- Fágann a leithéid go mbeidh teacht ag grúpaí bainistíochta conairí ar pholasaí árachais na gconairí náisiúnta
- Tugann sé dearbhú don phobal go bhfuil caighdeán sásúil ag baint le conair
- Fágann gur féidir an chonair a lua ar láithreán gréasáin na gconairí atá ag Spórt Éireann
- Is féidir an chonair a chur ar léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis mar sin
- Tugtar deis do ghrúpa bainistithe na conaire margaíocht a dhéanamh
- Beidh deis ann an Scéim Siúlóidí a thabhairt isteach ar an gconair tríd an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Cuideachtaí Forbartha Áitiúla.


**Na gnéithe is bunúsaí de chonair shásúil**

Tá léirithe in athbhreithniú ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta gurb é eispéireas an úsáideora an príomhchúram uileghabhálach nuair atá conair áineasa shásúil á forbairt agus á bainistiú. Beidh am sultmhar sábháilte ag siúlóirí ar chonair atá sásúil.

Tá meascán de ghnéithe bunúsacha ann agus baint eatarthu a imríonn tionchar díreach agus indíreach ar chomh sásúil atá conair agus an tréimhse a chaitheann an t-úsáideoir ar an gconair. Is gá gach gné a mheas agus a shocrú ar bhealach inbhuanaithe.

Beidh na gnéithe seo mar bhonn faoi na critéir le conairí a mheasúnú agus a chlárú.

## Na gnéithe is bunúsaí de chonair shásúil




**Is gá gach ceann de na gnéithe bunúsacha a mheas agus conair shásúil á forbairt agus á bainistiú.**

- Comhaontú le hÚinéirí Talún an bhfuil comhaontú socraithe leis na húinéirí talún maidir le dul isteach ar an talamh ar fad ar a dtrasnaíonn an chonair?
- An tréimhse ar an gConair: an bhfuil gach rud mar a d'iarrfadh úsáideoirí na conaire iad a bheith?
- Bonneagar na Conaire: an bhfuil bonneagar na conaire ag cloí leis an dea-chleachtas?
- Bainistiú Conairí: an bhfuil struchtúir, pleananna agus próisis i bhfeidhm chun an chonair a bhainistiú ionas go mbainfear an caighdeán riachtanach amach go leanúnach?
- Sábháilteacht: an bhfuiltear tar éis ceisteanna sábháilteachta feadh na conaire a mheas agus córas a chur i bhfeidhm chun súil a choinneáil ar an mbaol go ngortófaí siúlóirí agus chun an baol sin a bhainistiú ar bhonn leanúnach?
- Bainistiú an Chomhshaoil: an ndearnadh an tionchar ar an gcomhshaol (ainmniú talún san áireamh) a mheas agus conair á forbairt agus cé acu bearta atá i bhfeidhm chun an comhshaol a chosaint?

Tá achoimre thíos ar na critéir faoi gach ceann de na ceannteidil atá thuas. Cé go bhfuil na critéir leagtha amach faoi cheannteidil faoi leith, tá gnéithe i gcoitinne eatarthu agus seans go mbeidh na treoirlínte céanna ann faoi níos mó ná ceannteideal amháin.



# 1.0 Comhaontú le hÚinéirí Talún

**Má táthar le conair inbhuanaithe áineasa a fhorbairt tá sé ríthábhachtach comhairliúchán a dhéanamh agus teacht ar chomhaontú le húinéirí talún.**

Beifear ag dul ar thalamh poiblí nó príobháideach agus conair á forbairt. Ba chóir dul i gcomhairle leis na húinéirí talún i dtaca le talamh ar bith a bhfuil cuid de chonair air a luaithe agus is féidir agus conair á forbairt. Caithfear comhaontú a bheith ann le húinéirí talún sular féidir dul ar aghaidh le conair a fhorbairt.

## 1.1 Cead ón Úinéir Talún

Is gá cead a fháil ón úinéir/áititheoir talún ar a bhfuil cuid den chonair i dtaca le rochtain ar an gconair iomlán.[1] Seans go mbeidh úinéirí talún príobháideacha, cuideachtaí nó gníomhaireachtaí stáit i gceist. Ar aon dul leis sin, caithfear cead a bheith ann dul isteach chun na conaire agus amach uaithi i dtús agus críoch na conaire agus aon phointí rochtana sonraithe eile. Is é an dea-chleachtas atá ann comhaontú scríofa a shocrú leis an úinéir talún.[2]

## 1.2 Dul Isteach gan Bhac

Is gá comhaontú a shocrú le húinéirí talún ionas go mbeifear in ann dul isteach sa chonair, amach aisti agus dul isteach agus amach feadh na conaire. Caithfidh an chonair ar fad a bheith insiúlta. Níor chóir bacainn bhuan nádúrtha nó de dhéantús an duine pointe ar bith de chonair a bhacadh gan slí a thabhairt don duine leanúint ar aghaidh, mar shampla geata is féidir a oscailt, dreapa nó droichead, etc. de réir mar is cuí. Ba chóir socruithe a dhéanamh leis an úinéir talún i dtaca le bacainní a shárú.

## 1.3 Dúnadh Sealadach

Eisceacht ar na riachtanais ná nuair a dhéantar an chonair a dhruidim don phobal ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le guais neamhbhuan ar an gconair nó oibreacha ar an gconair féin nó sna tailte máguaird. I gcás den sórt sin, ba cheart malairt slí a chur ar fáil. Mura féidir é sin a dhéanamh, ba chóir rabhadh sásúil faoin druidim a thabhairt san eolas faoin gconair ar láithreán gréasáin agus i gcomharthaí ar an talamh féin.

[1] Tá eolas ar chomhaontú maidir le Rochtain Cheadaitheach a shocrú le húinéir talún príobháideach sa doiciméad dar teideal *A Guide to Planning and Developing Recreational Trails in Ireland* atá ar fáil anseo.
[2] Is féidir teimpléad faoi choinne comhaontú bunúsach le húinéirí talún a íoslódáil anseo.



# 2.0 An tréimhse ar an gConair

**Tá na gnéithe bunúsacha ar fad a bhaineann le conair in ann tionchar a imirt ar an tréimhse a bheidh ag siúlóir ar chonair. Sa chuid seo, táimid dírithe ar chuid de na cúinsí is tábhachtaí a mbeidh tionchar acu ar shiúlóid an tsiúlóra.**

## 2.1 Eolas faoin gConair

Agus siúlóirí ag déanamh réidh le dul chuig conair den chéad uair, beidh eolas faoin gconair ag teastáil orthu. Más rud é nach bhfuil eolas ar fáil nó má bhíonn an t-eolas mícheart, míchruinn nó easnamhach, tá seans ann go mbeidh drocham ag an siúlóir.

Ba chóir eolas faoin gconair a chur ar fáil ar an idirlíon, eolas atá iontaofa, mionsonraithe agus so-aimsithe. Seans gur láithreán gréasáin a bheidh ann a fhorbrófar go háitiúil. Más rud é nach bhfuil na hacmhainní ag Eagraíocht Bainistithe Conaire le láithreán gréasáin a fhorbairt, áfach, is féidir an chonair a lua ar láithreán gréasáin Spórt Éireann d'imeachtaí taobh amuigh www.sportireland.ie/outdoors . Ba chóir léarscáil a chur ar fáil don chonair chomh maith le heolas ar na conairí i bhfoirm ar féidir iad a íoslódáil nó a phriontáil.

**Ba chóir an méid seo ar a laghad a chur ar fáil mar chuid den eolas:**

a. i) Léarscáil atá suas chun dáta.
   ii) Léarscáil ina dtugtar bealach soiléir conaire
   iii) Léarscáil ina dtugtar an pointe tosaigh agus deiridh
b. Fad na conaire (km) ó thús go deireadh[3]
c. i) Eolas ar ghrádú na conaire (an ráta deacrachta)
   ii) Sainmhíniú ar an ngrád
d. An t-am measta a thógfaidh sé ar an ngnáthdhuine an chonair a chríochnú
e. An dreapadh iomlán ar an gconair (méadair)
f. Cur síos/íomhánna den treochomharthaíocht a úsáidtear ar an gconair.
g. Cur síos gairid ar an gconair agus an méid a bheidh le brath ag an siúlóir, an timpeallacht san áireamh (mar shampla, talamh talmhaíochta, foraois, etc.) agus aitheantas don úinéir talún. Chomh maith leis sin, nuair is cuí, eolas ar aon ghuaiseacha a bheadh ann nó cúinsí athraitheacha ar an gconair, mar shampla, ciumhais aille, stráice gnóthach de bhóthar, stráice nach féidir dul thairis agus lán mara ann, stráice a mbíonn tuilte ann agus nach féidir a thrasnú má bhíonn fearthainn throm ann, etc.

[3] Más rud é go bhfuil sé beartaithe conair líneach a úsáid mar bhealach 'amach is ar ais' agus gan aon rogha eile ann ach siúl ar ais ó dheireadh na conaire chun an túsphointe, ba cheart an méid sin a shoiléiriú san eolas faoin gconair. I gcásanna mar sin, ba chóir an t-achar amach agus ar ais a léiriú san achar atá ar taispeáint. Mar shampla, más conair 3km ar fad atá ann, ba chóir an t-achar iomlán 'amach agus ar ais' a thaispeáint mar 6km.

h. Eolas ina gcuirtear in iúl an bhfuil cead ag daoine madraí a thabhairt leo ar an gconair agus, má tá, an gá madraí a choinneáil ar iall an t-am ar fad
i. Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist agus/nó uimhir fóin) do dhuine atá bainteach le bainistíocht na conaire ionas gur féidir leo siúd a úsáideann í aiseolas a thabhairt/fadhbanna nó eachtraí ar an gconair a thuairisciú
j. Uimhir theagmhála na seirbhísí éigeandála (999 nó 112)
k. Na prionsabail "Ná Fág Lorg"[4] nó treoir eile ar iompar cuí faoin tuath
l. Fógra maidir le haon mhalairt slí nó dúnadh conaire atá sealadach agus suntasach - mar shampla, mar gheall ar oibreacha ar an gconair, damáiste don chonair, tuilte, etc.
m. Sonraí maidir le seirbhísí ar bith le haghaidh daoine a úsáideann an chonair (breathnaigh 2.5 thíos)
n. Nasc a thaispeánann túsphointe na conaire ar léarscáil idirghníomhach idirlín atá in ann treoracha a thabhairt (Google Maps, cuir i gcás) le go mbeidh úsáideoirí féideartha in ann an chonair a aimsiú

## 2.2 Clár eolais

Nuair a bhaineann siúlóirí conair amach, cuirfear ar a gcompord iad má bhíonn Clár Eolais suas chun dáta i dtús na conaire, rud a chuirfidh leis an eolas atá ar líne. Ar chonairí atá níos faide, moltar cláir eolais a shocrú in áiteanna rochtana coitianta feadh na conaire.

**Ba chóir an t-eolas seo ar a laghad a chur ar fáil:**

a. i) Léarscáil atá suas chun dáta
   ii) Léarscáil ina dtugtar bealach soiléir conaire
   iii) Léarscáil ina dtugtar an pointe tosaigh agus deiridh
   iv) Léarscáil ina dtugtar an nod 'tá tú anseo'
b. Fad na conaire (km) ó thús go deireadh
c. i) Eolas ar ghrádú na conaire (an ráta deacrachta)
   ii) Sainmhíniú ar an ngrád
d. An t-am measta a thógfaidh sé ar an ngnáthdhuine an chonair a chríochnú
e. An dreapadh iomlán ar an gconair (méadair) (ní gá seo a thabhairt más léir gur tír-raon cothrom atá ann)
f. Cur síos/íomhánna den treochomharthaíocht a úsáidtear ar an gconair

g. Cur síos gairid ar an gconair agus an méid a bheidh le brath ag an siúlóir, an timpeallacht san áireamh (mar shampla, talamh talmhaíochta, foraois, etc.) agus aitheantas don úinéir talún. Chomh maith leis sin, nuair is cuí, eolas ar aon ghuaiseacha a bheadh ann nó cúinsí athraitheacha ar an gconair, mar shampla, ciumhais aille, stráice gnóthach de bhóthar, stráice nach féidir dul thairis agus lán mara ann, stráice a mbíonn tuilte ann agus nach féidir a thrasnú má bhíonn fearthainn throm ann, etc.

[4] Tá tuilleadh eolais maidir le Ná Fág Lorg ar http://www.leavenotraceireland.org



h. Eolas ina gcuirtear in iúl an bhfuil cead ag daoine madraí a thabhairt leo ar an gconair agus, má tá, an gá madraí a choinneáil ar iall an t-am ar fad
i. Sonraí teagmhála (seoladh ríomhphoist agus/nó uimhir fóin) do dhuine atá bainteach le bainistíocht na conaire ionas gur féidir leo siúd a úsáideann í aiseolas a thabhairt/fadhbanna nó eachtraí ar an gconair a thuairisciú.
j. Uimhir theagmhála na seirbhísí éigeandála (999 nó 112).
k. Na prionsabail "Ná Fág Lorg" nó treoir eile ar iompar cuí faoin tuath.
l. Fógra maidir le haon mhalairt slí nó dúnadh conaire atá sealadach agus suntasach - mar shampla, mar gheall ar oibreacha ar an gconair, damáiste don chonair, tuilte, etc.
m. Sonraí faoi na seirbhísí atá ar fáil más ann dóibh (féach 2.5 thíos).

## 2.3 Comharthaíocht Léirmhínitheach agus Comharthaí Eolais

Is éard a bhíonn ar chomharthaíocht léirmhínitheach de ghnáth ná eolas faoin oidhreacht nádúrtha, thógtha agus chultúrtha feadh na conaire. Cuirfidh eolas mar sin le heispéireas an tsiúlóra ar an gconair.

Mar chuid den chomharthaíocht tá seans ann go mbeidh eolas agus treoracha chuig áiteanna sainspéise nó seirbhísí atá gar don chonair.
Níor chóir don chomharthaíocht cur isteach ar an timpeallacht ná a bheith iomarcach agus ba chóir go mbeadh duine 12 bhliain d'aois in ann an t-eolas a thuiscint. Is iondúil comharthaíocht léirmhínitheach a shocrú ar aird réasúnta íseal ionas nach mbeifear ag cur isteach ar an timpeallacht. Ba chóir dearadh mórán mar an gcéanna a úsáid ar chomharthaí agus treoracha chuig áiteanna sainspéise nó seirbhísí don chonair ar fad.

## 2.4 Comharthaíocht chun na Conaire

Bíonn sé deacair in amanna teacht ar thúsphointe conaire (tús na conaire). Ba chóir comharthaíocht chuí chun na conaire a chur ar an mbóthar isteach chun na conaire nó sa bhaile mór nó sráidbhaile is cóngaraí di.

## 2.5 Bia, Lóistín agus Seirbhísí eile

Cé nach bhfuil siad seo mar chuid de na critéir bhunúsacha le haghaidh conairí ná riachtanach le conair a chlárú, ba chóir breathnú ar na critéir bhreise seo mar shlí le tréimhse an úsáideora ar an gconair a fheabhsú, go háirithe ar chonairí fad-achair.  Beidh bia agus deoch ar fáil de ghnáth i sráidbhailte agus bailte móra nó i siopaí atá cóngarach don chonair. Ba chóir d’aon soláthraithe seirbhíse a bheidh ag obair ar an gconair glacadh leis na prionsabail maidir le ‘Ná Fág Lorg’.

### 2.5.1 Fáil ar bhia agus deoch

Ba chóir go mbeadh bia agus deoch ar fad gar don chonair, taobh istigh de 3km ón gconair más féidir agus bearna 20km go 30km idir na háiteanna. Seans gur siopa, teach tábhairne nó caifé a bheidh ann.

### 2.5.2 Áiteanna sosa

Ba chóir smaoineamh ar áiteanna sosa a chur ar fáil le picnic a chaitheamh, táblaí agus suíocháin san áireamh, ar chonairí atá níos faide ná 10km.

### 2.5.3 Lóistín

Ba chóir lóistín a bheith ar fáil i dtús agus deireadh na conaire, agus in aice leis an gconair, bearnaí idir 20km agus 30km idir na háiteanna, taobh istigh de 3km ón gconair más féidir.

### 2.5.4 Bagáiste a aistriú

Ba chóir seirbhísí a chur ar fáil chun bagáiste a aistriú ar na stráicí molta laethúla den chonair.

### 2.5.5 Eolas ar sheirbhísí

Ba chóir eolas a chur ar fáil ar líne faoi na seirbhísí cuí ar fad atá ar fáil le haghaidh daoine a úsáideann an chonair.

### 2.5.6 Naisc iompair phoiblí

Ba chóir eolas a thabhairt san eolas faoin gconair ar iompar poiblí a thabharfaidh daoine chun na conaire.
Más rud é nach stopann busanna ná traenacha cóngarach do thús na conaire, ba chóir eolas ar sheirbhísí tacsaí a chur ar fáil.





# 3.0 Bonneagar Conaire

**Tá gnéithe éagsúla de bhonneagar fisiciúil mar chuid de chonair atá forbartha. Tá treoirlínte maidir leis na critéir bhunúsacha do bhonneagar conaire sa chuid seo.**

## 3.1 Bealach na Conaire

Is gá cead a fháil ón úinéir/áititheoir talún ar a bhfuil cuid den chonair i dtaca le rochtain ar an gconair iomlán. Seans go mbeidh úinéirí talún príobháideacha, cuideachtaí nó gníomhaireachtaí stáit i gceist. Ar aon dul leis sin, caithfear cead a bheith ann dul isteach chun na conaire agus amach uaithi i dtús agus críoch na conaire agus aon phointí rochtana sonraithe eile. Is é an dea-chleachtas atá ann comhaontú scríofa a shocrú leis an úinéir talún.

### 3.1.1 Bóithre

Is iomaí siúlóir a rachaidh sa tóir ar chonairí atá ar shiúl ón mbóthar le go mbeidh siúlóid faoi leith acu ar an ábhar nach mbíonn sé sábháilte ná sultmhar i dtólamh agus iad ag siúl ar bhóithre in aice leis an trácht. Ba chóir bóithre a sheachaint nuair is féidir go ginearálta agus conairí á bhforbairt. Glactar leis, áfach, go mbeidh mionbhóithre nach mbíonn orthu ach trácht éadrom oiriúnach uaireanta do stráicí de chonair. Tugtar aitheantas don mhéid sin thíos. Tá na treoirlínte seo a leanas ag baint le bóithre:

1. Ba chóir sprioc a chur i bhfeidhm go mbeidh 80% ar a laghad den bhealach iomlán ar shiúl ón mbóthar.
2. Má úsáidtear bóithre níor chóir ach bóithre a bhfuil trácht éadrom orthu a úsáid. Ní oireann bóithre Náisiúnta, Réigiúnacha ná bóithre gnóthacha eile don siúl de ghnáth, ní bhíonn am pléisiúrtha ag siúlóirí orthu agus ba chóir iad a sheachaint.
3. Má bhíonn stráicí de chonairí ar bhóithre gnóthacha, is fearr a bheidh siad má bhíonn cosán ann nó ciumhais féir atá oiriúnach don siúl.
4. Ba chóir gan stráicí fada den bhóthar a fhorbairt. Ba cheart sprioc a chur i bhfeidhm nach mbeidh níos mó ná 3km de chonair ar an mbóthar in aon am amháin ar stráice amháin.
5. Más gá bóthar a thrasnú ar chonair, ba chóir é a thrasnú go díreach más féidir. Má tharlaíonn nach féidir, níor chóir don chonair leanúint ar aghaidh ar an mbóthar achar níos faide ná 250m.
6. I gcás go dtéann bealach ar bhóthar gnóthach, taobh leis, nó go ndéanann é a thrasnú, ba chóir comharthaí cuí a úsáid mar atá leagtha amach i gCuid 3.3 thíos – Comharthaíocht.

## Conairí Áitiúla Pobail

Agus conair á dearadh, is gá cuspóir agus sprioc-úsáideoir na conaire a mheas. Aithnítear go ndéantar conairí siúil áitiúla a fhorbairt ar an mbóthar agus marcanna slí ann ionas go mbeidh daoine sa phobal áitiúil in ann siúl orthu ar mhaithe le haclaíocht a dhéanamh. Ar chonairí den sórt seo, beidh na húsáideoirí beartaithe sásta go leor le bheith ag siúl ar an mbóthar. I gcásanna den chineál seo, is féidir an chonair an ainmniú mar Chonair don Phobal Áitiúil. Ba chóir a lua go soiléir san eolas faoin gconair gur gá siúl ar an mbóthar mar chuid den tslí.

Ina theannta sin, nuair a dhéantar conair a fhorbairt i gceantar uirbeach, tá seans ann go mbeidh an bealach ar fad nó an chuid is mó de ar an mbóthar féin.

Mar sin féin, moltar bóithre a úsáid nach bhfuil orthu ach trácht éadrom. Más i gceantar uirbeach atá bealach, ba chóir leas a bhaint as cosáin atá cheana ann.

### 3.1.2 Constaicí nó bacainní ar bhealach na conaire

Caithfidh gach stráice den bhealach a bheith glan ó bhac agus insiúlta. Níor chóir bacainn bhuan nádúrtha nó de dhéantús an duine conair a bhacadh gan dreapa, geata nó droichead, etc. a chur ar fáil, de réir mar is cuí, le go mbeidh daoine in ann an taobh eile den bhacainn a bhaint amach. (Féach freisin 1.2)

### 3.1.3 Beostoc

Is iomaí conair atá forbartha ina dtéitear ar thalamh feirme gníomhach a bhfuil beostoc air. Ní bhíonn fadhb ann, de ghnáth. Mar sin féin, tá siúlóirí ann nach mbeidh taithí acu ar bheostoc. Más conair atá ann ar gá siúl ar thalamh a bhfuil beostoc ann, ba chóir treoracha a thabhairt san eolas ar an gconair (eolas ar líne agus ar an gclár eolais) faoi iompar cuí i measc siúlóirí agus iad ag siúl ar thalamh a bhfuil beostoc ann. (Tá sampla de na treoracha in ***Aguisín A*** agus tá grafaic faisnéise in ***Aguisín B*** is féidir a úsáid).

Seift éifeachtach le nach mbeidh eachtraí ann le beostoc ar chonairí ná gan madraí a thabhairt. Má imíonn conair thar thalamh a bhfuil beostoc air, caithfear an méid sin a chur in iúl go soiléir san eolas faoin gconair agus ar chomharthaí i dtús na conaire nó áit ar bith eile is féidir dul isteach sa chonair. Tá comhartha samplach thíos, féach ***Fíor 1.***




Fíor 1: Rabhadh ginearálta: beostoc



Fíor 2: Comhartha rabhaidh: tarbh

Tá sé riachtanach nach rachaidh conair ar thalamh ina bhfágfaí aon ainmhí a bhfuiltear ar an eolas faoi go mbíonn iompar contúirteach dothuartha ar bun aige agus teacht ag an ainmhí sin ar an gconair gan é a scaradh le húsáideoirí na conaire. Más gá d'úinéir talún ainmhí den sórt sin a chur ar an gconair ó am go chéile go sealadach, is gá daoine a chur ar mhalairt slí. Caithfear comhartha a chur in airde in aice leis an bpointe a gcuirtear tús leis an malairt slí (áit ar gá do shiúlóirí an gnáthbhealach a fhágáil) lena chur in iúl go bhfuil an t-ainmhí contúirteach ann agus nár chóir dul isteach. (Féach an sampla ***i bhFíor 2***).

Seachas daoine a chur ar mhalairt slí, d'fhéadfaí fálú leictreach a úsáid leis an ainmhí a scaradh le siúlóirí má mheasann an t-úinéir talún agus bainisteoir na conaire gur leor sin.

**Tábhachtach:** Meastar i dtólamh gur ainmhí é an tarbh atá in ann a bheith contúirteach agus dothuartha agus an claonadh sin aige. É sin ráite, má bhíonn ainmhithe eile ann a léiríonn iompar ionsaitheach, seans gur cuí iad a choinneáil scartha le conair freisin.

**Más conair atá i gceist ar a dtéitear trí thalamh a bhfuil beostoc ann, an dea-chleachtas atá ann ná gur chóir d'eagraíocht bainistithe na conaire agus don úinéir talún oibriú i gcomhar a chéile lena dheimhniú go gcuirfear sábháilteacht na siúlóirí ar an gconair san áireamh an t-am ar fad.**

### 3.1.4 Fál Leictreach ar an mbealach

Má bhíonn fál leictreach ar an mbealach nó in aice leis in áit a mbeadh siúlóir in ann lámh a leagan air, ba chóir comhartha rabhaidh a úsáid. Ar stráicí fada, ba chóir níos mó ná comhartha amháin a fheistiú de réir mar is cuí (féach cuid 3.3.1 chomh maith)

Más gá sconsa mar sin a thrasnú nó a oscailt in áit ar bith, ba cheart slí a chur ar fáil leis sin a dhéanamh go sábháilte, mar shampla, feadán cosanta ceangailte den sconsa ionas nach ndéanfaidh úsáideoirí teagmháil leis nó córas a fhágann go mbeidh siúlóirí in ann an sconsa a oscailt le dul chuig an taobh eile agus ansin é a chur ar ais mar a bhí sé.

### 3.1.5 Fálú eile ar an mbealach

I gcás go bhfuil sreangacha teanntáin ann mar thaca faoi chuaille fáil, a d'fhéadfadh tuisle a bhaint as duine, ba chóir, más féidir, an chonair a leagan amach le bheith ag dul thart ar na sreangacha nó comharthaí soiléire a úsáid leis na sreangacha a fhógairt do shiúlóirí agus téip/ribín/péint á húsáid de réir mar is cuí.

### 3.1.6 Páirceáil

Ba chóir áiteanna oiriúnacha páirceála ar shiúl ón mbóthar a bheith ar fáil i dtús na conaire. Ba chóir go leor spásanna páirceála a chur ar fáil don úsáid a bhaintear as an gconair. Ba chóir racaí rothar a bheadh oiriúnach le rothair a ghlasáil go daingean a sholáthar chomh maith.

Más féidir le daoine faoi mhíchumas conair a úsáid, ba chóir spásanna páirceála a shonrú de réir mar is cuí.

## 3.2 Comharthaí bealaigh

An chúis a gcuirtear comharthaí bealaigh ar chonair ná lena dheimhniú go mbeidh daoine in ann an chonair a leanúint gan féachaint ar léarscáil ar páipéar, ar líne nó ar aip, etc. Agus comharthaí bealaigh á socrú, ba chóir glacadh leis nach mbeidh treoracha ar bith eile ag an siúlóir ar an gconair.

### 3.2.2 Marcanna slí ar an gconair

a. Más rud é go bhfuil acomhail ar chonair nó cúinsí ar bith eile a fhágann nach bhfuil sé iomlán soiléir cá dtéann an chonair, ba chóir na comharthaí a shocrú mar seo:
   i) san áit cheart agus dírithe sa treo ceart.
   ii) socraithe go daingean, dea-bhail orthu (gan iad a bheith scaoilte, briste, damáistithe), glan, soléite (seachas doiléir).
   iii) in áit a mbeidh siúlóir in ann iad a fheiceáil ón dá threo. Níor chóir marcanna slí a chur ar thaobh cuaille. Ní fheicfeadh duine a leithéid ach nuair a bheidís ag dul thar an gcuaille. Ní bheidís le feiceáil ar an tslí chun an chuaille.
   iv) gan fásra ná bacainn ar bith eile ann a d'fhágfadh gur deacair iad a fheiceáil.

**Tábhachtach:** Ba chóir a lua ar an gClár Eolais, ar léarscáileanna den bhealach agus i bhfoinsí eolais eile faoi chonair an comharthaí bealaigh aontreo nó dhá threo atá ann.

b. Ba chóir marcóir agus caighdeán marcála den dearadh/dath céanna a úsáid go leanúnach an chonair ar fad.

c. Má bhíonn níos mó ná conair amháin ann sa limistéar céanna, ba chóir marcanna a dhathú, a ainmniú nó a uimhriú i gcás gach conaire ionas go mbeifear in ann gach bealach a leanúint gan stró.

**Tábhachtach:** Ba chóir an tsiombail bhuí "fear ag siúl" agus saighead a úsáid ar chonairí ar *Conairí Náisiúnta Slímharcáilte (conairí fad-achair)* iad. Ní féidir an tsiombail áirithe seo a úsáid ar chonairí ar bith eile seachas *Conairí Náisiúnta Slímharcáilte*. Is féidir dath eile den tsiombail an "fear ag siúl" a úsáid ar chonairí eile, áfach.

d. Ar stráicí de chonair atá níos faide ná 1km ar fad agus gan aon acomhail ann, ba chóir comharthaí suaimhnis a chur ann thart ar gach 500m agus gach 1km ar a laghad.

e. Ar chonairí suas le 10km, ba chóir marc slí amháin ar a laghad a sholáthar chun an fad go deireadh na conaire a chur in iúl. Ba chóir an marc sin a shocrú leath bealaigh idir tús agus deireadh na conaire. Ar chonairí atá níos faide ná 10km ar fad, ba chóir marcóirí ar a gcuirtear in iúl chomh fada atá sé go deireadh na conaire agus/nó áiteanna eile a shocrú gach 10km ar a laghad.

f. Má bhíonn aon mhalairt slí ann go sealadach ar an gconair, ní mór comharthaí a shocrú lena léiriú go soiléir.

**Tábhachtach:** ba chóir sonraí maidir le haon mhalairt slí atá suntasach a chur in iúl san eolas ar líne faoin gconair agus ar Chlár Eolais na conaire.

## 3.3 Comharthaíocht

Ba chóir comharthaíocht a úsáid le siúlóirí a chur ar an eolas faoi nithe éagsúla ar chonair nó nithe a bhaineann le conair, iad seo ina measc:

- Rabhadh a thabhairt do shiúlóirí maidir le guaiseacha nó guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ann ar an gconair féin nó gar don chonair
- Siúlóirí a chur ar an eolas gur gá dul ar mhalairt slí, bíodh sé sin sealadach nó buan
- Eolas úsáideach a thabhairt do shiúlóirí

### 3.3.1 Comharthaíocht rabhaidh

Ba chóir comhartha rabhaidh a mheas más rud é go bhféadfadh baol roimh shiúlóirí a bheith ann. Ba chóir comharthaíocht iomarcach gan chúis a sheachaint. Má úsáidtear comharthaí ar dhóigh iomarcach, ní bheidh siad chomh héifeachtach céanna agus tá seans ann go mbeidh 'truailliú comharthaíochta' ann i dtimpeallacht nádúrtha.

Is é is éifeachtaí a bheidh comharthaí rabhaidh má thugtar eolas orthu chomh maith. Mar shampla, is fearr comhartha a shocrú agus 'Conair druidte mar gheall ar leagan crann díreach ar aghaidh' scríofa air ná comhartha agus 'Conair druidte' scríofa air gan aon mhíniú a thabhairt. Beidh comharthaí rabhaidh ann de ghnáth le rabhadh a thabhairt do shiúlóirí agus iad a chosaint sna cúinsí seo a leanas:

- Má bhíonn conair mar chuid de bhóthar Náisiúnta nó Réigiúnach nó bóthar gnóthach eile nó má théitear thar bhóthar mar sin ar an gconair, ba chóir comharthaí a chur in airde le rabhadh a thabhairt do thiománaithe go bhfuil seans ann go mbeidh siúlóirí ar an mbóthar de réir mar atá sa Lámhleabhar um Chomharthaí Tráchta - Cuid 6.17.3 agus 6.17.4 atá thíos.

> *6.17.3 Más rud é go n-úsáideann coisithe go minic gan aon chosán ceart ann, is féidir Comhartha W 140 a chur ar fáil chun tiománaithe a chur ar an eolas go mbíonn na coisithe sin ann. Má tharlaíonn gur cosúil go mbeidh coisithe ar an mbóthar ar stráice atá níos faide ná 250m, ba chóir Pláta Breise P 002 a úsáid chun an fad sin a chur in iúl.*
> *6.17.4 Más dócha go mbeidh líon suntasach úsáideoirí bóthair gan chosaint ag trasnú bóthair, is féidir an comhartha a sholáthar.*



W 140: Pedestrians




P 002: Length

- Má imíonn bealach ó stráice atá ar shiúl den bhóthar isteach ar bhóthar Náisiúnta, Réigiúnach nó bóthar gnóthach eile nó thairis, i gcás nach bhfuil an méid sin soiléir don siúlóir roimh ré, moltar comhartha a chur in airde roimh ré le rabhadh a thabhairt do shiúlóirí sula dtiocfaidh siad chuig an gcuid sin den bhealach a imíonn isteach le bheith mar chuid den bhóthar
- Más rud é go bhfuil bealach conaire ag teacht chuig áit a bhfuil an bealach in aice le ciumhais aille nó cóngarach do chiumhaiseanna aille gan chosaint nó titim ghéar eile
- Más rud é go bhfuil bealach conaire ag teacht i dtreo áit ina bhfuil sloc mianaigh oscailte atá in aice leis an mbealach nó gar dó
- Má tharlaíonn go bhfuil obair ar bun ar an gconair féin nó in aice leis an gconair ach gur féidir siúl ar an gconair má bhíonn an duine cúramach.
- Más rud é go bhfuil stráice de chonair atá suite in aice le trá nach bhféadfaí a thrasnú agus é ina lán mara
- Má tharlaíonn go bhfuil fál leictreach ar imeall conaire a mbeadh siúlóirí in ann teagmháil a dhéanamh leis gan stró.

#### 3.3.2 Malairt Slí: Comharthaíocht

Tá seans ann go mbeidh sé riachtanach daoine a chur ar mhalairt slí ar an gconair ar chúiseanna éagsúla:

- Obair shuntasach ag tarlú ar an gconair nó cois conaire má mheastar go mbeadh an baol ann roimh na siúlóirí ní b'airde ná mar a bheadh inghlactha agus gur gá an chonair a dhruidim go sealadach, ar shampla, obair mhór le conair a uasghrádú agus meaisínre i gceist, leagan crann, feithiclí feirme ag dul trasna go rialta.
- Cuid den chonair ag dul trí thalamh, áit a bhféadfadh siúlóirí casadh ar bheostoc contúirteach, tarbh mar shampla
- Má tharlaíonn nach féidir siúl níos faide ar aghaidh ar chonair mar gheall ar dhamáiste ó stoirm/ón aimsir, mar shampla má bhíonn droichead as feidhm, sciorradh talún ann, crainn tite, etc.

Más gá daoine a chur ar mhalairt slí nó má bhíonn conair druidte, caithfear siúlóirí a chur ar an eolas san eolas ar líne faoin gconair agus i dtús na conaire. Sa dá chás sin, ba chóir eolas soiléir sofheicthe a sholáthar agus sonraí ann faoin druidim nó malairt slí.

## 3.4 Troscán agus Struchtúir ar an gConair

Beidh troscán agus struchtúir de dhíth de réir mar is cuí ar feadh conaire. Seans go mbeidh nithe mar seo ann:

- Cláir Eolais
- Suíocháin
- Marcanna
- Comharthaíocht
- Dreapaí
- Geataí
- Droichid
- Droichid i bportaigh
- Clárchosáin
- Céimeanna

#### 3.4.1 Caighdeán an Troscáin agus na Struchtúr ar an gConair

Ba chóir troscán agus struchtúir na conaire a dhearadh, a thógáil, a shuiteáil agus a chothabháil ionas go mbeidh siad oiriúnach don fheidhm a bheidh leo, láidir, iontaofa agus daingean. Níor chóir troscán ná struchtúir a úsáid atá lofa, damáistithe, scaoilte ná míshocair. Níor chóir aon chiumhaiseanna ná gobadh a bheith orthu a bhainfeadh do shiúlóir go héasca.

Má éiríonn struchtúr contúirteach agus más rud é go bhfuil an bhail air gur dócha go ngortófar siúlóir, ní mór tabhairt faoin bhfadhb a luaithe agus is féidir.  Más cuí, ba cheart breathnú ar chóir comhartha rabhaidh a chur ar an struchtúr féin go dtí go ndéanfaí é a dheisiú nó ceann úr a chur ina áit agus/nó siúlóirí a chur ar mhalairt slí thart ar an struchtúr.

### 3.4.2 Bainistiú rochtana ag teorainneacha

Agus troscán/struchtúir á socrú ar an gconair le bealaí isteach a bhainistiú thar theorainneacha talún, an prionsabal cuí ná an rogha is lú srianta a ghlacadh i gcás aon duine a d'úsáidfeadh an chonair (daoine a úsáideann cathaoir rotha agus teaghlaigh a mbeadh páistí acu i mbugaithe, etc., san áireamh) agus, san am céanna, riachtanais úinéirí talún a shásamh.

Ní thugann aon chineál struchtúir rochtain thar theorainneacha a bheadh sásúil i ngach cás. Tugtar mar sin an t-ord molta thíos as a ndéanfar na roghanna is fearr.

Ba chóir an cineál struchtúir a roghnú de réir an liosta seo a leanas (á lua in ord bunaithe ar an rogha is lú srian) de réir mar is cuí agus le comhaontú ón úinéir talún:

a) bearna;
b) geata;
c) geata aonfhir;
d) dreapa.

### 3.4.3 Fál sreinge deilgní

In áiteanna a bhfuil sreang dheilgneach ceangailte de dhreapaí, geataí nó áiteanna eile a bhféadfadh siúlóirí a lámha a leagan ar phíosa sreinge nó a bhféadfadh sreang snáithe a tharraingt astu, caithfear an tsreang a bhaint nó a chlúdach ionas nach ndéanfar duine a ghortú.

### 3.4.4 Dromchla atá Frithsheasmhach in aghaidh Sciorradh

Mura dtugann an dromchla siúil greim shásúil in aimsir de gach cineál, ba chóir dromchla breise atá frithsheasmhach in aghaidh sciorradh a chur air. D'fhéadfadh sé gurb amhlaidh a bheadh cúrsaí i gcás dreapaí, clárchosán, droichead nó céimeanna. I measc na roghanna eile atá ann tá péint atá frithsheasmhach in aghaidh sciorradh, stáplaí agus líontán sreinge.

Tá doiciméid tagartha agus sonraíochtaí iontu a bhaineann le píosaí éagsúla de throscán agus struchtúir le haghaidh conairí in ***Aguisín C – Foinsí Úsáideacha Eolais***

## 3.5 Dromchla Conaire

Imreoidh dromchla conaire tionchar uaireanta ar an sult a bhainfidh siúlóirí as an gconair féin. Má dhéantar bealach conaire a leagan amach go míchuí (mar shampla, ar thalamh portaigh nó talamh bog eile), seans go ndéanfar damáiste suntasach don chomhshaol dá bharr agus bheadh drochthionchar ag an méid sin ar inbhuanaitheacht na conaire san fhadtéarma.

Ar gach stráice den chonair, ba chóir don dromchla a bheith marthanach, láidir agus oiriúnach don fheidhm de réir mar is cuí don leibhéal úsáide. Ba chóir go bhfanfadh an dromchla mar sin.[5]

Ba chóir draenáil chuí a shocrú don dromchla ionas nach n-éireoidh sé báite. Níor chóir stráicí fada boga a bheith ann faoi ghnáthchúinsí ná láib dhomhain iontu a d'fhágfadh go mbeadh sé doiligh nó míchompordach siúl tríothu.

[5] Tá seans ann go mbeadh an dromchla sásúil ar chonair i gceantar iargúlta nach mbíonn ach líon beag siúlóirí ann, ach seans nach mbeadh an dromchla céanna sásúil ar chonair a mbíonn níos mó siúlóirí ann i gceantar a bhfuil teacht níos fusa air.

Níor chóir go mbeadh poill i bhfolach sa dromchla a bheadh ina gcúis le gortú nó a bhainfeadh tuisle as duine gan iad a fheiceáil. Má tharlaíonn go bhfuil codanna de chonair ann atá millteanach géar, seans gur cuí céimeanna a thógáil le go mbeidh an dromchla níos fearr le bheith ag siúl air, an méid sin ag brath ar an ábhar atá i ndromchla na conaire agus ar ghrádú na conaire.

**Tábhachtach:** Ba chóir don chineál dromchla ar chonair a bheith oiriúnach do na húsáideoirí beartaithe agus don ráta deacrachta a thugtar. Bheadh dromchla míchothrom agus méid áirithe bacainní nó stráicí géara inghlactha ar chonair dheacair, ach ní bheadh a leithéid inghlactha ar chonair ar ghrád éasca. Is féidir dromchla na conaire a aicmiú de réir mar a dhéantar don leithead, grádán agus gnéithe eile. Is féidir an grádú nó an ráta deacrachta a shocrú bunaithe ar aicmiú na stráicí ar fad den chonair. Tá tuilleadh sonraí ar an gceist seo i ndoiciméad eile dar teideal *Aicmiú agus Grádú Conairí Siúil*.

Ba chóir tionchar comhshaoil na conaire a bhainistiú ar bhonn leanúnach chomh maith. Aon líne amháin is cóir a bheith i ndromchla na conaire. Má bhíonn fianaise ann go bhfuil scaipeadh nó srutharlú conaire ann, ba chóir teacht ar bhearta leis sin a réiteach. (Féach 6.3 freisin)

## 3.6 Fásra

Má bhíonn fásra ar chonair, seans go mbeidh coinníollacha éagsúla ann, mar shampla go mbeadh sé míchaoithiúil ag siúlóirí nó go mbeadh sé dodhéanta dul níos faide ar an gconair. D'fhágfadh a leithéid nach mbeadh am pléisiúrtha ag siúlóirí ar an gconair.

### 3.6.1 Fásra atá ag gobadh amach

Ba chóir na taobhanna ar bhealach na conaire agus an spás os cionn na conaire a fhágáil saor ó fhásra a bheadh ag gobadh amach agus a bhainfeadh do shiúlóir.

### 3.6.2 Faoi chois

Ba chóir go mbeadh dromchla na conaire saor ó fhéar fada agus fásra eile a d'fhágfadh go mbeadh sé deacair siúl air.

### 3.6.3 Comharthaí slí agus troscán conaire

Ba chóir fásra a ghearradh siar ionas gur féidir comharthaí slí a fheiceáil agus troscán agus struchtúir ar an gconair a úsáid.

**Tá clár cothabhála fásra riachtanach ar chonair ionas nach mbeidh fadhbanna ann ó thaobh fásra iomarcach de. Tá seans ann go mbeidh sé riachtanach obair chothabhála a dhéanamh níos minice le linn an earraigh agus an tsamhraidh agus an leibhéal is airde fáis ann.**

**Tábhachtach:** tá cosc ar bhearradh fáil idir an 1 Márta agus an 31 Lúnasa. Baineann sé seo le fálta agus le fásra leathnádúrtha.

### 3.6.4 Speicis Ionracha fásra

Más rud é go bhfuil speicis ionracha plandaí ag fás cois conaire, ba cheart plean a chur ar bun leis na plandaí sin a bhainistiú. Má dhéantar an planda a bhainistiú ar bhealach mícheart (gearradh san áireamh), seans go scaipfidh sé dá bharr.

**Tabhair do d'aire:** Tá treoir faoi seo ar láithreán gréasáin Speicis Ionracha Éireann
http://invasivespeciesireland.com/invasive-plant-management/



# 4.0 Bainistiú Conaire

**Má tá siúlóirí le sult agus tairbhe a bhaint as conair go sábháilte agus dea-bhail ar an gconair, is gá í a bhainistiú go leanúnach. Gné thábhachtach de bhainistíocht na conaire ná go gcoinneofar súil uirthi le haon fhadhbanna a thiocfadh chun cinn a aithint agus féachaint chuige go ndéanfar cothabháil cheart uirthi.  Beidh eagraíocht bhainistíochta de chineál éigin ag teastáil leis sin a dhéanamh.**

## 4.1 Eagraíocht Bainistithe Conaire

Is éard atá in eagraíocht bainistithe conaire ná grúpa daoine a dhéanann an chonair a bhainistiú. Beidh éagsúlacht i gceist leis an líon daoine agus róil na ndaoine sin ag brath ar chomh mór agus chomh casta atá an chonair. Más conair fhada atá i gceist, bealach fad-achair mar shampla, tá seans ann go mbeidh níos mó daoine ann agus ról faoi leith ag gach duine acu, coiste cuir i gcás, agus cathaoirleach air chomh maith le cisteoir, rúnaí, comhordaitheoir iniúchtaí/cothabhála, comhordaitheoir margaíochta, etc.

Más eagraíocht measartha beag atá ann seans nach mbeadh ann ach ball nó beirt a bheidh in ann daoine eile a fháil de réir mar is gá.  Níl aon riachtanas daingnithe ann faoin dóigh cheart le heagraíocht bainistithe conaire a stiúradh, seachas gur chóir é a dhéanamh ar bhealach a bheidh oiriúnach dóibh siúd a bheidh páirteach san eagraíocht agus go ndéanfar an chonair a bhainistiú go sásúil.

Moltar cloí le duine amháin mar phointe teagmhála san eagraíocht don chomhfhreagras.

**Seo a leanas samplaí den chineál oibre a bheidh ag eagraíocht bainistithe conaire:**

- Pleanáil agus forbairt tosaigh na conaire ionas go mbeifear ag cloí leis na treoirlínte sa doiciméad seo
- An chonair a chlárú ar Chlár Náisiúnta na gConairí agus ar an scéim árachais conairí náisiúnta más cuí
- Bearta a chur i bhfeidhm chun an baol gortaithe roimh úsáideoirí a laghdú, mar shampla comharthaíocht a úsáid le siúlóirí a chur ar an airdeall, lámhráille a shocrú in aice céimeanna géara, etc.
- Obair a dhéanamh le húinéirí talún ar an gconair lena dheimhniú go ndéanfar na riachtanais atá acusan agus riachtanais siúlóirí a shásamh, mar shampla comharthaí ar gheataí, fál leictreach, etc.
- Samplaí de bhainistíocht leanúnach ar an gconair:
  - iniúchtaí rialta áitiúla monatóireachta ar an gconair
  - cothabháil agus cúram ar an gconair
  - an chonair a dheisiú agus/nó a uasghrádú más gá
  - taifid iniúchta, chothabhála agus deisiúcháin a choimeád
- Maoiniú a fháil/a bhainistiú do chothabháil agus cúram leanúnach na conaire
- An chonair a fhógairt i mbróisiúr agus/nó ar láithreán gréasáin
- Imeachtaí a chur chun cinn/a eagrú chun an chonair a chur i ngníomh

## 4.2 Plean Bainistithe Conaire

Is é an dea-chleachtas atá ann taifead a choinneáil den dóigh a ndéanfar an chonair a bhainistiú. Is féidir é seo a dhéanamh chomh mionsonraithe nó chomh bunúsach agus is gá, an méid sin ag brath ar an gconair féin agus na hacmhainní atá ar fáil. Ba cheart na nithe seo a leanas ar a laghad a chur i bPlean Bainistíochta Conaire:

- eagraíocht bainistithe na conaire (na daoine agus na róil a bheidh acu i mbainistíocht na conaire)
- minicíocht na monatóireachta/na n-iniúchtaí ar an gconair agus an dóigh a ndéanfar é sin (mar shampla, cóip de sheicliosta/duillín taifeadta mar chuid den phlean)
- minicíocht na hoibre cothabhála ar an gconair (chomh minic céanna leis an monatóireacht féin, b'fhéidir), agus an obair a dhéanfar
- socruithe maoinithe/acmhainní chun an chonair a bhainistiú

Samplaí de nithe eile sa phlean:

- An chonair a chur chun cinn
- Imeachtaí a reáchtálfar ar an gconair
- Pleananna chun an chonair a uasghrádú/a fheabhsú
- Pleananna le conair a chur chun cinn

## 4.3 Taifid

Is gá taifid chláraithe a choinneáil maidir le bainistiú conaire. Ba chóir na taifid seo a choinneáil:


- sonraí faoi iniúchtaí a dhéantar, na torthaí san áireamh
- sonraí faoi aon obair chothabhála nó obair dheisiúcháin a dhéantar ar chonair
- sonraí faoi aon fhadhbanna á dtuairisciú ag an bpobal
- aon chinntí arna ndéanamh ag an Eagraíocht Bainistíochta Conairí
- sonraí faoi aon rioscaí a aithnítear ar an gconair agus aon bhearta leis an riosca a laghdú
- ní mór an dáta a chur le gach taifead.

An dea-chleachtas atá ann ná gach taifead a bhaineann le conair a choinneáil. Bheadh a leithéid fíorthábhachtach dá ndéanfaí éileamh i gcás gortú ar chonair.

**Má táthar chun conair a lua ar Chlár Náisiúnta na gConairí, tá sé éigeantach go mbeidh eagraíocht/coiste ann chun an chonair a bhainistiú. Gné thábhachtach den bhainistiú conairí ná an chonair a iniúchadh agus a chothabháil chomh rialta agus chomh minic agus is cuí agus taifid den obair sin a choinneáil.**

**Mar chuid de Scéim Árachais na gConairí Náisiúnta, tá coinníoll ann go mbeidh an méid seo a leanas i bhfeidhm i gconair le go mbeidh an clúdach sin incháilithe:**
**"córas chun cothabháil agus monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar an gconair, á bhainistiú go háitiúil ag an Eagraíocht Bainistíochta Conairí. Is gá tús áite a thabhairt d'aon fhadhbanna sábháilteachta a fhaightear nó a thuairiscítear agus iad a shocrú dá réir. Caithfidh an eagraíocht bhainistíochta taifid chláraithe a choinneáil d'aon mhonatóireacht nó obair a dhéantar ar an gconair."**

Is féidir treoir agus teimpléid le haghaidh iniúchtaí ar chonairí agus pleananna cothabhála agus taifid ghaolmhara a íoslódáil ó láithreán gréasáin Spórt Éireann: Faoin Spéir anseo.



# 5.0 Sábháilteacht

**Tá sábháilteacht na siúlóirí ar chonair millteanach tábhachtach.**

Agus cúrsaí sábháilteachta á bplé, úsáidtear an téarma 'deacracht sábháilteachta féideartha' nuair a bhítear ag tagairt do ghuais a bheadh mar chúis le gortú tromchúiseach. Bíonn dhá chineál 'deacracht sábháilteachta féideartha' ann de ghnáth:

- Deacracht atá mar chuid den chonair féin, mar shampla conair ar bharr aille, conair ar thrá thaoide. I gcásanna mar seo, is gá siúlóirí a chur ar an eolas roimh ré san eolas ar líne faoin gconair agus ar chomharthaí cuí ar an gconair féin.
- Deacracht a bhaineann le locht nó fadhb le bonneagar na conaire, mar shampla dreapa briste, droichead coisithe atá sleamhain. I gcásanna mar seo, is gá gníomhú leis an locht nó fadhb a réiteach.

Tá seans ann go mbeifí ag dúil le deacrachtaí sábháilteachta féideartha ar chonairí atá beartaithe do shiúlóirí a bhfuil taithí acu, ach ba chóir a leithéid a sheachaint ar chonairí do shiúlóirí ar bheagán taithí.

An rud is tábhachtaí, gan beann ar chumas agus taithí na siúlóirí ar chonair:

**Níor chóir go mbeadh <u>guaiseacha gan choinne</u> ar chonair a bheadh in ann duine a ghortú.**

Ní féidir conair a chlárú go dtí go ndéanfar na bearta cuí chun dul i ngleic le haon Deacrachtaí Sábháilteachta Féideartha a bheadh ann.

Bíonn leibhéal áirithe riosca ann i dtólamh agus gníomhaíochtaí ar bun taobh amuigh. Ní féidir gach baol a bhaint agus ní bhítear ag dréim lena leithéid. Bíodh sin mar atá, caithfidh eagraíocht bainistithe na conaire a dheimhniú go nglacfar na céimeanna cuí leis an mbaol a mhaolú agus le dul i ngleic le fadhbanna sábháilteachta mar is cuí ag brath ar ghrádú na conaire. Má tá conair grádaithe mar chonair éasca atá oiriúnach do shiúlóirí ar bheagán taithí nó siúlóirí ócáideacha, beidh difear ansin idir an méid a mheastar mar ghuais sábháilteachta ná mar a bheidh ar chonair atá grádaithe mar cheann deacair nach mbeadh oiriúnach ach le haghaidh siúlóirí a bhfuil neart taithí acu. Níor chóir go mbeadh ann chúiseanna iontais ann a bhainfeadh preab as siúlóirí i gceachtar den dá chás.

## 5.1 Deacrachtaí Sábháilteachta féideartha atá mar chuid den bhealach

Má bhíonn aon deacrachtaí sábháilteachta féideartha ann atá mar chuid de bhealach, is gá iad a aithint agus an chonair á forbairt. Má mheastar nach féidir glacadh leis an riosca i gcás an úsáideora atá beartaithe don chonair, tá seans ann gur gá bealach eile a lorg.

Más rud é go bhfuil Deacracht Sábháilteachta Féideartha ar bhealach, ní mór comharthaí cuí a chur in airde. Más rud é go bhfuil ceist sábháilteachta ann a d'fhéadfadh a bheith mar bhaol suntasach roimh shiúlóirí, mar shampla barr aille, tír-raon atá fíánta géar, etc., is gá an méid sin a lua go soiléir in eolas faoin gconair le go mbeidh an t-eolas ag siúlóirí sula ndéanfaidh siad cinneadh maidir le dul ag siúl ar an gconair.

**Tábhachtach:** má úsáidtear bóthar gnóthach nó crosaire bóthair gnóthach mar chuid de chonair, seans go mbeidh comharthaíocht rabhaidh ag teastáil má tharlaíonn nach mbeifí ag dúil leis nó má tá sé contúirteach, cé nach ionann a leithéid agus aill.

## 5.2 Deacrachtaí Sealadacha Sábháilteachta féideartha ar an mbealach

Uaireanta beidh deacrachtaí sealadacha ar chonair (mar shampla, leagan crann, obair ar an gconair). Tá sé millteanach tábhachtach go mbeidh eagraíocht bainistithe na heagraíochta ar an eolas faoi chásanna mar sin agus go ndéanfaidh siad iad a bhainistiú i gcomhar leis na húinéirí talún. Má mheastar go bhfuil baol ard ann go ngortófaí siúlóirí, moltar daoine a chur ar mhalairt slí ar shiúl ón deacracht. Más rud é nach féidir é sin a dhéanamh, tá seans ann go mbeidh sé riachtanach an chonair a dhruidim ar bhonn sealadach.

**Tábhachtach:** más rud é go bhfuil an chonair druidte nó más gá dul ar mhalairt slí atá i bhfad as bealach, caithfear an méid sin a chur in iúl san eolas faoin gconair ionas go mbeidh an t-eolas sin ag úsáideoirí roimh ré.

## 5.3 Deacrachtaí Sábháilteachta Féideartha – Bonneagar

Beidh deacrachtaí sábháilteachta féideartha eile ag baint le bonneagar conairí de ghnáth. Agus deacracht á meas, ba chóir a chur san áireamh chomh mór atá an seans go mbeidh gortú ann chomh maith le tromchúis an ghortaithe.

Nuair a aithnítear go bhfuil Deacracht Sábháilteachta Féideartha ann, ba chóir dul i ngleic leis an deacracht sin láithreach nó a luaithe agus is féidir.

Roghanna eile má tharlaíonn nach féidir fadhb a réiteach láithreach:

- Comharthaíocht shealadach a shocrú le siúlóirí a chur ar an airdeall (más féidir dul ar aghaidh má léirítear cúram agus más féidir gortú a sheachaint) go dtí go ndéanfar é a réiteach
- Ba chóir malairt slí a chur ann nó an bealach a dhruidim más deacracht nó fadhb mhór atá ann, mar shampla damáiste suntasach do dhroichead agus baol ann go dtitfeadh sé anuas.

Tá liosta Deacrachtaí Sábháilteachta Féideartha coitianta in ***Aguisín D***.

## 5.4 Iniúchtaí Rialta

Tiocfaidh athrú ar bhonneagar conaire de réir a chéile mar gheall ar an aimsir, caitheamh agus cuimilt, agus ar chúiseanna eile. Éireoidh guais in amanna nach raibh ann nuair a forbraíodh conair ar dtús. Seans go n-éireoidh guais a bhí ann níos contúirtí de réir a chéile agus gur gá gníomh éigin a dhéanamh dá bharr.

Is gá iniúchtaí rialta a chur isteach mar chuid de Phlean Bainistithe na Conaire le go mbeidh an chonair sábháilte go leanúnach. Gné thábhachtach den bhainistíocht riosca atá ansin.


## 5.5 Taifid

Ní mór taifid a choinneáil de gach cinneadh, iniúchadh agus obair a dhéantar faoi mar a bhaineann a leithéid le sábháilteacht agus a bhainfeadh le sábháilteacht ar an gconair. (Féach Cuid 1.3 fosta). Sa mhéid sin, cuimsítear na nithe seo a leanas a bhaineann go sonrach le cúrsaí sábháilteachta:

- Measúnú ar an gconair le haghaidh fadhbanna sábháilteachta a bheadh ann, torthaí, cinntí atá déanta agus gníomhartha/obair atá déanta dá bharr
- Iniúchtaí rialta ar an gconair, aon fhadhbanna sábháilteachta a aithníodh ina measc
- Taifid ó chinntí maidir leis an ngníomh a dhéanfaí chun dul i ngleic le haon deacrachtaí sábháilteachta a fuarthas le linn an iniúchta nó ar dhóigh eile (mar shampla, ón bpobal)
- Aon eachtraí a bhaineann le cúrsaí sábháilteachta a thuairiscítear ar an gconair, aon chinntiú ina leith siúd agus na gníomhartha lena mbaineann
- Aon obair atá déanta ar an gconair

Ba chóir an dáta a lua ar gach taifead agus ba chóir don duine ceart iad a shíniú.

Féach láithreán gréasáin Visitor Safety in the Countryside le treoir bhreise a fháil ar cheisteanna sábháilteachta
https://vscg.org/



# 6.0 An Comhshaol

**Agus conair á forbairt agus á bainistiú, tá sé an-tábhachtach go ndéanfar tionchar comhshaoil na conaire a mheas agus a bhainistiú go leanúnach.**

## 6.1 Tionchar atá ag láithreáin ainmnithe

Más rud é go bhfuil bealach ag dul trí láithreán ainmnithe sainspéise comhshaoil, seandálaíochta nó ailtireachta, nó má tá an bealach in aice le ceann acu sin, caithfear údarú taifeadta ón údarás cuí a bheith ar an taifead[6].

## 6.2 Bruscar/Dramhaíl

Má bhíonn bruscar agus dramhaíl ar chonair, ní bheidh am chomh deas céanna ag siúlóirí. Tá tionchar suntasach ag a leithéid ar an gcomhshaol chomh maith. Ba cheart an bealach a choinneáil glan ó bhruscar, gloine bhriste agus diúscairt mhídhleathach.

Ní mór plean monatóireachta agus tógála bruscair a chur isteach i bplean iniúchta agus cothabhála na conaire. Tá seans ann go mbeidh sceideal níos minice ag teastáil má bhíonn fadhb ann le bruscar nó le linn tréimhsí a mbeidh leibhéal úsáide níos airde ann.

## 6.3 Snámhaíocht conairí

Ba chóir tionchar comhshaoil na conaire a bhainistiú ar bhonn leanúnach agus nach n-éireoidh an chonair níos leithne ná srutharlaithe. Ba chóir bearta a ghlacadh leis seo a chosc de réir mar is cuí. (Féach 3.5 freisin)

## 6.4 Tuiscint an phobail


Ba chóir na prionsabail "Ná Fág Lorg"[7] nó treoir eile ar iompar cuí faoin tuath a chur in iúl do dhaoine a bheidh ag siúl ar an gconair san eolas ar líne faoin gconair agus ar Chlár Eolais na conaire.

---

[6] Tá sonraí ar an dóigh le tabhairt faoi láithreáin ainmnithe i gcéim pleanála na conaire i gcuid 1.7 den doiciméad A Guide to Planning and Developing Recreational Trails in Ireland.

[7] Ná Fág Lorg - tuilleadh eolais

# Aguisíní



# Aguisín A:
# Beostoc - Eolas dóibh siúd a úsáideann Conairí

## Téacs molta eolais don phobal faoi iompar cuí ar chonair agus beostoc ann

1. Ná tugtar madraí ar chonairí a bhfuil beostoc orthu. Cuirfear in iúl san eolas faoin gconair más féidir madraí a thabhairt ar an gconair. Má bhíonn cosc ar mhadraí, léiríonn sin de ghnáth go bhfuil beostoc ar an gconair.

2. Agus tú ag siúl i bpáirceanna a bhfuil ainmhithe iontu, coinnigh súil orthu i dtólamh. Níor chóir do chúl a thabhairt leo.

3. Ní lig do pháistí beaga rith thart agus sibh ag siúl in aice le beostoc. Ba chóir na páistí a choinneáil le do thaobh. Beidh an fhreagairt chéanna ag beithígh i gcás páistí beaga ag rith thart agus a bhíonn acu le madraí.

4. Bíodh bata siúil leat agus tú ag siúl i bpáirceanna a bhfuil ainmhithe iontu.

5. Bí ag dréim le freagairt ó eallach. Más féidir, ba chóir siúl go ciúin agus go cúramach thart orthu. Níor chóir do dhaoine scaradh ina ngrúpaí beaga ná rith.

6. Má thagann tarbh nó bó i do threo, ba chóir féachaint i dtreo an ainmhí. Más gá, ba chóir siúl cúpla céim ina threo, do lámha a chroitheadh agus scairt a ligean asat go láidir.

7. Thar aon ní eile, níor chóir tú féin a chur i mbaol. Má chreideann tú go bhfuil tú faoi bhagairt, aimsigh slí eile thart atá sábháilte más féidir, agus gabh ar ais go dtí an cosán tosaigh a luaithe agus is féidir.

8. Ná déan dearmad geataí a fhágáil go díreach mar a fuarthas iad (ar oscailt nó druidte) agus tú ag siúl i bpáirceanna a bhfuil beostoc iontu.

9. Má dhéantar ionsaí ort nó má chuireann eachtra eagla ort, cuir an méid sin in iúl don úinéir talún, do ghrúpa/gníomhaireacht bainistithe na conaire agus do Spórt Éireann.

Bheifí in ann an t-eolas thuas a fhógairt ar chláir eolais conairí i dtús conairí, i mbileoga margaíochta agus ar shuíomhanna gréasáin.

# Aguisín B:
# Comhairle Beostoic: Grafaic Eolais

## SPORT IRELAND OUTDOORS

## LIVESTOCK ADVICE FOR TRAIL USERS

Many trails are developed on active farms with the permission and co-operation of the Landowner. In some cases, a trail may pass through land where livestock are grazing. It is important that walkers conduct themselves appropriately when walking on a trail with livestock.




If there is livestock on a trail there will usually be a sign at the trailhead.

**When walking through a field with livestock:**

- ✓ always keep them in view and don't turn your back on them
- ✗ do not allow small children to run around
- ✓ carry a stick
- ✓ walk carefully and quietly around them
- ✗ do not split up a group
- ✓ leave gates as you find them (open or closed)



**DOGS**

- ✗ **Dogs are not allowed on trails where livestock are present.**
- ✓ **Make sure to check if dogs are allowed on the trail before you visit.**

! If livestock approach you on a trail, turn round to face them. If necessary take a couple of steps towards them, waving your arms and shouting firmly.

! Above all, do not put yourself at risk. If you feel threatened, do your best to find another way around that is safe, returning to the original path as soon as possible.



**If you encounter an issue with livestock on a trail, please contact the appropriate trail management group/agency**

**#OutdoorsforEveryone**

# Aguisín C:
# Foinsí Úsáideacha Eolais

- "Guide to Trail Design and Construction" - Mountain Meitheal (ar fáil ar www.pathsavers.org)
- Principles and Standards for Trail Development in Northern Ireland. Doiciméad 76 leathanach é seo, ina dtugtar míniú ar na prionsabail a bhaineann le conairí inbhuanaithe ar shiúl ón mbóthar a thógáil agus ar na caighdeáin ba chóir a chur i bhfeidhm. Tá an foilseachán ar fáil ó Outdoor Recreation NI
- Constructed tracks in the Scottish Uplands - Scottish Natural Heritage
- Lowland Path Construction – A Guide to Good Practice
- Outdoor Access Design Guide – Scottish Natural Heritage
- Great Outdoors - A Guide for Accessibility – Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann
- Building for Everyone – A Universal Design Approach – an tÚdarás Náisiúnta Míchumais
- Countryside for All – Good Practice Guide – Fieldfare Trust
- "On the right track: surface requirements for shared use routes." – The Countryside Agency
- "Shared Use Routes for Pedestrians and Cyclists" – Roinn Iompair na Ríochta Aontaithe
- Toolkit to Success – Accessible Walks Schemes – Outdoor Recreation Northern Ireland

# Aguisín D:
# Deacrachtaí Sábháilteachta a thagann aníos de ghnáth

## Dromchla Conaire

- Poill dhoimhne nó draenacha tite ar an gcosán nó conair

## Bealach agus Timpeallacht na Conaire

- Bóithre atá millteanach contúirteach gan comharthaí orthu le rabhadh a thabhairt do thiománaithe go mbíonn siúlóirí ann
- Aillte, mianaigh nó cairéil chontúirteacha cóngarach don chonair gan aon chomharthaí rabhaidh ann
- Oibríochtaí leagtha crann gan aon chomharthaí rabhaidh ann
- Sreang dheilgneach a dhéanfadh siúlóir a ghortú
- Sreang scaoilte nó nithe eile a bhainfeadh tuisle as duine
- Bealach contúirteach trasna abhann nó tuilte
- Bealach atá ag dul trí pháirc ina bhfuil beostoc dainséarach gan aon bhealach eile ann

## Troscán Conaire

- Dreapa atá damáistithe, ag lobhadh nó scaoilte
- Trasnán, droichead coise, clárchosán nó droichead portaigh atá damáistithe, ag lobhadh nó scaoilte
- Lámhráille atá damáistithe, ag lobhadh nó scaoilte
- Dreapa atá baolach sleamhain nó céimeanna gan aon dromchla neamhsciorrach orthu
- Trasnán, droichead coise, clárchosán nó droichead portaigh atá baolach sleamhain agus gan aon dromchla neamhsciorrach orthu
- Céimeanna dreapa adhmaid gan taca
- Tairní ar dhreapa nó áit trasnaithe agus iad ag gobadh amach
- Comharthaí treo a bhfuil faobhair ghéara orthu atá ag gobadh amach a ghortódh siúlóir

SPÓRT ÉIREANN FAOIN SPÉIR | SPORT IRELAND OUTDOORS

**Spórt Éireann**
An Clós, Campas Spórt Éireann
Bóthar Snugborough, Baile Bhlainséir
D15 PN0N, Éire
Fón: +353-1-860 8800

www.sportireland.ie